# An Linn Dubh go dtí an Chathair

## Bealach Roghnaithe Éiritheach na Conaire Iompair Inbhuanaithe

Comhairliúchán Poiblí, Meitheamh 2022



BUS CONNECTS CORK
SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



# Clár Ábhar


**1. Réamhrá** **4**

1.1 Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí: Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí – An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú 4
1.2 Cad is BusConnects Chorcaí ann? 6
1.3 Cad is Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe ann? 9
1.4 An Leagan Amach Bóthair Féideartha 10
1.5 Cé na tairbhí a ghabhann le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe? 10
1.6 Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha 12

**2. Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha** **14**

2.1 An Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na Conaire ón Linn Dubh go dtí an Chathair 14
2.2 Forbhreathnú ar an gConair ón Linn Dubh go dtí an Chathair 14
2.3 Eochairfhíricí 20
2.4 An téarmaíocht a thuiscint 22

**3. Na Dúshláin a d'Fhéadfadh Teacht Chun Cinn a Thuiscint agus Dóigheanna le Maolú** **24**

3.1 Forbhreathnú 24
3.2 Na dúshláin agus conas a mhaolóimid chun aghaidh a thabhairt orthu 25

**4. An Próiseas um Thalamh a Fháil** **28**

4.1 Conas a rachaidh an Tionscadal ar aghaidh trí chomhairliúcháin phoiblí go dtí Pleanáil Fhoirmiúil 30

**5. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí agus do thuairim a chur in iúl** **32**

5.1 Má tá ag úinéir réadmhaoine talamh a bhféadfadh go mbeadh tionchar air 32
5.2 Ceisteanna ginearálta 32
5.3 Conas is féidir aighneacht a sheoladh 32

**6. Aguisíní** **34**

Léarscáil Innéacs 35
Léarscáileanna Bealaigh 36

# 1. Réamhrá

## 1.1 Infheistiú i dTodhchaí Chorcaí: Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí – An tIompar Poiblí i gCorcaigh a Athshamhlú

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (an tÚdarás) tiomanta d'acmhainneacht fáis Chorcaí a chumasú agus do thacú lena forbairt sa todhchaí.

Is é sin an fáth a bhfuil an tÚdarás ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí, le Comhairle Contae Chorcaí, le hIarnród Éireann, le Bus Éireann agus le Bonneagar Iompair Éireann chun Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Glacadh Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí sa bhliain 2020. Leis an Straitéis, soláthrófar gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófar fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.

Tá sé mar aidhm le Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí cathair inchothaithe agus pobail nasctha a chruthú trí dheis a thabhairt do gach duine le rochtain a fháil ar roghanna iompair phoiblí inbhuanaithe agus ar bhonneagar rothaíochta agus siúil atá i bhfad níos fearr.

### An t-iompar a chur i gcroílár na físe do Chorcaigh

Leagtar amach i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí fís uaillmhianach go soláthrófaí gréasán inrochtana comhtháite iompair lena gcumasófaí fás inbhuanaithe Limistéar Cathrach Chorcaí mar réigiún cathrach Eorpach atá dinimiciúil, nasctha agus iomaíoch ón taobh idirnáisiúnta de.

Tá cur chun feidhme Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ag teacht le creat beartais náisiúnta leathan, ag tacú dó le forbairt réigiúnach, le fás geilleagrach, le gníomhú ar son na haeráide agus le hinfheistíocht in iompar inbhuanaithe.

Áirítear leis an gcreat sin:

- An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- An Plean Gnímh don Aeráid 2021
- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- An Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

### Ciallaíonn Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí:

Infheistíocht is fiú na billiúin Euro san iompar i Limistéar Cathrach Chorcaí thar an bhfiche bliain atá romhainn, rud lena soláthrófar:

- Córas bus atá bunathraithe chun feabhais – BusConnects Chorcaí;
- Córas iarnróid comaitéireachta níos fearr – Clár Iarnróid Comaitéireachta Chorcaí;
- Líne iarnróid éadroim nua soir-siar – Luas Chorcaí;
- Gréasán cuimsitheach rothaíochta lena soláthrófar saoráidí sábháilte rothaíochta ar fud an réigiúin;
- Naisc bóithre éagsúla nua agus feabhsuithe éagsúla bóithre móide soláthar páirceála agus taistil; agus
- Saoráidí breisithe do choisithe.


208
Bus Éireann
TFI TRANSPORT FOR IRELAND
TAXI
207
Bus Éireann
ROYAL LIVER
LANA BUS

Is é an toradh a bheidh ar Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí ná gur d'iompar poiblí, de rothar nó de shiúl na gcos a thógfar breis agus leath na dturas uile a thógfar ag buaic-am na maidine a luaithe a chuirfear an Straitéis i gcrích. Is ionann an figiúr reatha agus 26%.

## 1.2 Cad is BusConnects Chorcaí ann?


Chun cabhrú le Cathair Chorcaí agus le Contae Chorcaí an fhís seo don todhchaí a bhaint amach go hiomlán, tá an tÚdarás ag beartú infheistíocht is fiú leathbhilliún Euro a dhéanamh chun Conairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt, agus bóithre agus sráideanna tábhachtacha á n-athchóiriú go hiomlán chun feabhas a chur ar an soláthar do bhusanna, do rothaithe agus do choisithe, mar phríomh-chomhpháirt de BusConnects Chorcaí.

I gcás mhuintir Chorcaí, is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht sin ná go mbeidh nascacht níos mó acu leis an bhfostaíocht, leis an oideachas, le baill teaghlaigh agus cairde, leis an miondíol agus le creatlach mhéadaitheach shóisialta agus chultúrtha an réigiúin.


Cabhróidh sé sin leis an gcathair a spriocanna aeráide a bhaint amach, éirí níos inbhuanaithe, rannchuidiú leis an ngeilleagar a fhás, inrochtaineacht a fheabhsú agus agaí turais sa chathair a laghdú go mór.

Is é is BusConnects ann ná clár an Údaráis Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis feabhas a chur ar sheirbhísí bus i limistéir chathrach in Éirinn. Beidh infheistíocht €600m i gceist le BusConnects Chorcaí. Áirítear leis naoi mbeart lena mbunathrófar córas bus Chorcaí chun feabhais, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-iompar poiblí níos úsáidí do níos mó daoine. A bhuí le BusConnects Chorcaí, breiseofar cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí.


Leis an tionscadal, tacófar le córas iompair phoiblí atá íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, agus cuirfear feabhas mór ar rochtain ar phoist agus ar oideachas. Beidh ról lárnach ag an tionscadal freisin maidir le feabhas a chur ar an ríocht phoiblí agus ar Lár Cathracha agus maidir leis na limistéir sin a athghiniúint.




**Cumas agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a bhreisiú** trí fheabhas a chur ar luasanna, iontaofacht agus poncúlacht bus ach lánaí bus a sholáthar agus bearta eile a dhéanamh ar mhaithe le tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht bus in ionad gluaiseachtaí tráchta ghinearálta



**Tacú le seirbhís iompair phoiblí atá éifeachtúil, íseal ar charbón agus athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar,** ar seirbhís í a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach



**Feabhas a chur ar an rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile** trí nascacht inbhuanaithe fheabhsaithe agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar le seirbhísí eile iompair phoiblí



**An acmhainn rothaíochta a bhreisiú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar le haghaidh rothaíochta,** agus é leithscartha ón trácht ginearálta nuair is féidir



**Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i gCorcaigh a chumasú** do ghlúine an ama atá i láthair agus an ama atá le teacht trí ghréasáin iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a sholáthar



**A chinntiú go mbreithneofar an ríocht phoiblí go cúramach** le linn an bonneagar iompair a dhearadh agus a fhorbairt agus féachaint le feabhas a chur ar phríomhphointí fócasacha uirbeacha nuair is cuí agus is indéanta

## Tá sé mar aidhm le BusConnects Chorcaí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras reatha iompair i Limistéar Cathrach Chorcaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1. Gréasán conairí nua bus agus rothaíochta a thógáil
2. An gréasán bus a athdhearadh go hiomlán
3. Córas ticéadaithe úrscothach nua
4. Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur chun feidhme
5. An córas táillí a athchóiriú go hiomlán
6. Libhré nua bus
7. Stadanna agus scáthláin nua bus a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu
8. Láithreacha nua Páirceála agus Taistil ag príomhláithreacha
9. Aistriú chuig flít busanna astaíochtaí nialasacha

Tá roinnt de na tionscnaimh ar siúl cheana féin. Áirítear leo sin **an Gréasán Bus i Limistéar Cathrach Chorcaí a athdhearadh**, rud ar seoladh dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí ina leith le linn na bliana 2021. Foilsíodh an Gréasán Bus Athdheartha Deiridh do Chorcaigh le déanaí agus cuirfear chun feidhme é idir na blianta 2023 agus 2024.

**Athstruchtúrú an chórais táillí**
trí tháille nua 90 nóiméad lena gcumasófar do phaisinéirí roinnt turas a thógáil ar mhodhanna éagsúla iompair laistigh de thréimhse 90 nóiméad óna chéile gan aon chostas airgeadais eile a thabhú. Bunchloch eile de chlár BusConnects is ea an flít busanna díosail a aistriú ina bhfeithiclí lánleictreacha astaíochtaí nialasacha. Tá an t-aistriú sin ar siúl cheana féin i mórchathracha na hÉireann, agus tá na chéad bhusanna lánleictreacha do Chorcaigh le soláthar sa bhliain 2023.

## 1.3 Cad is Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe ann?


Is é atá i gceist leis na tograí ná infheistiú i gConairí Iompair Inbhuanaithe a mbeidh tosaíocht leanúnach bus acu – is é atá i gceist léi sin sa chuid is mó de chásanna ná go mbeidh lána leanúnach bus ann i ngach treo, cé go n-úsáidtear socruithe eile i láithreacha srianta. Cuirfidh sé sin deireadh leis na moilleanna a tharlaíonn sa chóras bus faoi láthair, agus a éireoidh níos measa de réir mar a mhéadaíonn plódú, agus cumasóidh sé do bhusanna na mílte paisinéirí a iompar ar shlí ina mbeidh tuilleadh cinnteachta ag paisinéirí maidir leis an am a bhainfidh siad a gceann scríbe amach.

Tá sé beartaithe againn raonta leithscartha rothar a sholáthar i ngach treo feadh na gconairí sin, agus iad scartha chomh fada agus is féidir ó thrácht ginearálta.


I limistéir inar féidir go mbeidh deacracht ag baint leis sin, tá sé beartaithe againn raonta rothar as líne a sholáthar, áit a rachaidh raon rothar amach ón gConair Iompair Inbhuanaithe agus isteach ar bhóthar níos ciúine nó ar rotharbhealach saintógtha sula bhfillfidh sé ar an gconair.

Gnéithe eile de na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá beartaithe a bheidh i mbonneagar nua rothaíochta agus siúil agus a bheidh i bhfeabhas a chur ar an tosaíocht bus ar bhóithre agus sráideanna i gCorcaigh. A bhuí leis na conairí nua, méadófar an líon daoine a bheidh ag taisteal de shiúl na gcos agus de rothar chun na hoibre nó chun an choláiste, chun dul ag siopadóireacht nó chun bualadh le cairde, agus feabhas ó bhonn á chur acu ar mhinicíocht agus iontaofacht na seirbhísí bus ar fud na cathrach.

**93km** de thosaíocht bus/lána




**112km** de shaoráidí rothaíochta (i dtreo amháin), ag soláthar 56 km den ghréasán rothaíochta



## 1.4 An Leagan Amach Bóthair Féideartha

Chun na Conairí Iompair Inbhuanaithe a chruthú, beidh sé riachtanach athruithe ar na leaganacha amach bóthair atá ann cheana a dhearadh agus a thógáil. Leis an dearadh nua, éascófar cosáin fheabhsaithe, raonta leithscartha rothar, nuair is féidir, agus lánaí tiomnaithe bus chun na busanna a bhaint den phlódú. Tá sampla de leagan amach bóthair le feiceáil thíos. Ní féidir an leagan amach sin a thabhairt isteach ach i limistéir áirithe, áfach.

Is roghanna Bealaigh Roghnaithe Éirithigh ag an am seo iad na bealaí uile. Tabharfar faoi mhéid fairsing comhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na tograí seo agus is dóigh go gcuirfear na mionchoigeartuithe agus na hathruithe éagsúla ar áireamh de réir mar a dhéantar dul chun cinn ar an teagmháil agus idirphlé sin leis an bpobal.




## 1.5 Cé na tairbhí a ghabhann le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe?

A bhuí leis na Conairí Iompair Inbhuanaithe atá á mbeartú chun fís Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí a bhaint amach, tabharfar roinnt tairbhí a mbeidh tionchar forleathan acu ar gach modh iompair i gCorcaigh.

### 1.5.1 Agaí Turais Bus Níos Fearr

Trí fheabhas a chur ar na bóithre agus ar an mbonneagar ar a n-oibríonn seirbhísí bus, is é an toradh deiridh a bheidh ar BusConnects Chorcaí ná córas bus i bhfad níos éifeachtúla a bhaint amach do Chorcaigh. Trí fheabhas a chur ar an tosaíocht bus ar fud na cathrach, laghdófar agaí turais agus éireoidh agaí turais i bhfad níos intuartha.

Is córas bus an-iontaofa é córas ina soláthraítear agaí turais a éiríonn níos gasta agus níos intuartha i gcónaí. A bhuí leis an iontaofacht mhéadaithe sin, beidh an t-iompar poiblí i gCorcaigh níos tarraingtí do thuilleadh daoine agus éireoidh an soláthar tiománaithe agus busanna do sheirbhísí bus níos cuíchóirithe.

### 1.5.2 Timpeallacht Níos Fearr do Rothaithe

Tá i bhfad níos mó i gceist le BusConnects Chorcaí ná infheistíocht i mbusanna agus i lánaí bus amháin. Go deimhin, is é an toradh a bheidh ar an bplean seo ná saoráidí rothaíochta a bhfuil géarghá leo a sholáthar agus cur lena éasca, lena shábháilte agus lena tharraingtí atá sé rothaíocht a dhéanamh ar fud réigiún Chathair Chorcaí.

Ní thógtar de rothar ach 1% de na 803,000 turas a thógtar i Limistéar Cathrach Chorcaí ar mheánlá le linn na seachtaine. Toisc shuntasach taobh thiar den líon íseal rothaithe is ea an easpa bonneagair shábháilte rothaíochta atá ar fáil. Dá réir sin, tá sé mar aidhm le Tionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe an scéal sin a fheabhsú go mór trí ghréasán lánaí rothar agus raonta rothar a thógáil, ar gréasán é a bheidh ina chroílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin.

Is ionann na mór-Chonairí Iompair Inbhuanaithe

ar fud an limistéir cathrach agus na príomhartairí rothaíochta freisin. Agus na bóithre sin á n-athchumrú lena n-úsáid mar lánaí bus, beidh deis ann an bonneagar rothaíochta a bhunathrú chun feabhais ag an am céanna.

Ar gach ceann den 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe, is é an cuspóir atá againn infheistiú i saoráidí rothaíochta atá ar ardchaighdeán agus atá leithscartha ó na lánaí bus agus ó lánaí tráchta ghinearálta, a mhéid is indéanta, agus iad a sholáthar. Tógfar thart ar 112 km de shaoráidí rothaíochta (i dtreo amháin), rud lena soláthrófar 56 km den ghréasán rothaíochta. Rachaidh gréasán rothaíochta níos fearr chun tairbhe do gach úsáideoir iompair. Fágfaidh sé nach gá do rothaithe lánaí tráchta ghinearálta ná lánaí bus a chomhroinnt le busanna agus cuirfidh sé deireadh le cuid mhór de na coinbhleachtaí a bhíonn ann idir an trácht ginearálta, busanna agus rothaithe. Croílár de ghréasán rothaíochta an réigiúin a bheidh sa bhonneagar rothaíochta a sholáthrófar faoin gclár seo, agus bunathrú radacach á dhéanamh ar shaoráidí rothaíochta i gCorcaigh ag an am céanna.

## 1.5.3 Saoráidí Níos Fearr do Choisithe

Tá sé mar chomhpháirt lárnach de thionscadal na gConairí Iompair Inbhuanaithe leas a bhaint as an deis uathúil seo chun timpeallacht níos fearr a chruthú do choisithe le linn dúinn feabhas a chur ar chonairí. Beidh sé mar aidhm ar leith againn cosáin nua a sholáthar i limistéir ina bhfuil siad in easnamh faoi láthair, feabhas a chur ar cháilíocht na gcosán agus na dtrasrianta coisithe agus saoráidí coisithe a mhéadú ag acomhail.

Cuirfimid feabhas ar lárionaid thábhachtacha áitiúla freisin trí fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí, lena n-áireofar saoráidí breise tírdhreachaithe agus amuigh faoin spéir.

## 1.5.4 Cathair Inbhuanaithe Inchónaithe

Is é atá i gceist le BusConnects Chorcaí ná iompar inbhuanaithe a dhéanamh ina rogha níos fearr agus níos inrochtana. Trí sheirbhís bus atá ar ardchaighdeán, minic agus iontaofa a sholáthar, agus trí fheabhas a chur ar an mbonneagar rothaíochta agus coisithe, is féidir linn Corcaigh a dhéanamh ina háit níos tarraingtí chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air. Trí roinnt daoine a aistriú ar shiúl ón gcarr agus i dtreo busanna, rothar agus cosán, laghdófar plódú i gCorcaigh agus éireoidh sí níos neamhdhíobhálaí don aeráid. Beifear in ann tuilleadh codanna den réigiún a rochtain tríd an iompar poiblí agus, ag gach céim den phróiseas deartha, déanfar breithniú cúramach ar chuimsiú daoine a bhfuil riachtanais bhreise acu. Agus iompar poiblí atá éifeachtach agus inrochtana ann, cumasófar do gach duine, beag beann ar aois agus ar chumas, barr a gcumais a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

## 1.5.5 Tacú leis an nGeilleagar

Tá córas dea-fheidhmiúil iompair phoiblí ina bhunriachtanas d'aon limistéar ceannchathartha atá ag iarraidh cuid mhór deiseanna fostaíochta a sholáthar dá mhuintir sa todhchaí. Tá roinnt sársheirbhísí bus agus iarnróid ann i gCorcaigh. Má tá sí chun barr a cumais a bhaint amach mar chathair is gasta fás in Éirinn agus leanúint leis na poist is fearr agus na fostóirí is fearr a mhealladh, áfach, beidh orainn córas iompair a fhorbairt lena bhfreastalófar ar na riachtanais atá ag réigiún atá i mbéal mearfhorbartha.

Trí lánaí tiomnaithe bus agus saoráidí rothaíochta níos sábháilte a chruthú, éireoidh turais de bhus nó de rothar níos caoithiúla, níos tarraingtí agus níos iontaofa. Fágfaidh sé sin go mbeidh daoine in ann turais a phleanáil go muiníneach, agus Corcaigh ag éirí níos tarraingtí d'fhostóirí. Dá bharr sin, méadófar gníomhaíocht gheilleagrach agus athghinfear an Chathair. Beidh sé níos éasca do dhaoine dul amach sa chathair agus taitneamh a bhaint aisti agus as gach ní atá ar fáil inti freisin, rud a rachaidh chun tairbhe do ghnólachtaí i lár na cathrach agus níos faide i gcéin.




# 1.6 Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha

# Conairí Iompair Inbhuanaithe

- (A) Dún Citil go dtí an Chathair
- (B) Baile na mBocht go dtí an Chathair
- (C) An Linn Dubh go dtí an Chathair
- (D) Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- (E) Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- (F) Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- (G) An Tóchar go dtí an Chathair
- (H) Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- (I) Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- (J) Machain go dtí an Chathair
- (K) Bóthar Chionn tSáile go Dúglas
- (L) Tobar Rí an Domhnaigh go Cnoc an Chuilinn

Conair Iompair Inbhuanaithe

Saoráidí Malartacha Rothaíochta


AN BHLARNA
TEAMHAIR
CLOCH REO
GLEANN MAGH
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
FEARANN
BAILE NA MBOCHT
AN LINN DUBH
CNOC NA HAOINE
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC AN CHOILLINN
MONTENOTTE
LÁR NA CATHRACH
AN SEANDÚN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
DEARGMHÓIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
CARRAIG RUACHÁIN
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
AN CNOCÁN GLAS
AN SRÁIDBHAILE THIAR
BAILE AN CHOLLAIGH
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
BAILE AN LOCHA
WILTON
BAILE AN EASPAIG
DÚGLAS
AN TÓCHAR
ARD AN RÓISTIGH
BAILE AN RÓISTIGH
GORT PHROINSIAS
AN GHRÁINSEACH
MARYBOROUGH
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
MUINE GUAIRE
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K
L
N20
N22
N40
N27
N71
N28
N8
R639
Lee Road
Carrigrohane
Model Farm Rd
Grange Rd
S Ring Rd
Rochestown Rd
Maryborough Hill

# 2. Na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha

## 2.1 An Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na Conaire ón Linn Dubh go dtí an Chathair

Sainaithníodh an Bealach Roghnaithe Éiritheach atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin seo tar éis measúnú a dhéanamh ar roghanna malartacha éagsúla.

Is é a bhí i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin bealaigh ná na roghanna féideartha a shainaithint agus a bhreithniú trí aird a thabhairt ar chritéir amhail tionchair áitiúla ar éadanas réadmhaoine, patrúin tráchta atá ann cheana agus measúnú leathan ar thionchair ar an timpeallacht. Is ar fáil ar **www.BusConnects.ie** atá Tuarascáil Indéantachta ina dtugtar mionsonraí faoin obair measúnachta a rinneadh.

Ag teacht sna sála ar an obair sin, sainaithníodh Bealach Roghnaithe Éiritheach le haghaidh na conaire seo agus tá aiseolas ón bpobal ar an togra sin á lorg anois. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nár glacadh an rogha seo go fóill. Ní dhéanfar cinneadh ar an mBealach Roghnaithe deiridh ach amháin tar éis an comhairliúchán poiblí seo a chur i gcrích agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí arna bhfáil.

## 2.2 Forbhreathnú ar an gConair ón Linn Dubh go dtí an Chathair

Pointe tosaithe na Conaire Iompair Inbhuanaithe ón Linn Dubh go dtí an Chathair (Conair Iompair Inbhuanaithe C) is ea láthair atá laisteas d'Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe ar Brothers Delaney Road. Leanfaidh an Chonair Iompair Inbhuanaithe ar aghaidh ar Brothers Delaney Road chun nascadh le hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe agus le Bóthar na Ceárta Deirge. Ón áit sin, rachaidh an Chonair Iompair Inbhuanaithe ó dheas ar Bhóthar na Ceárta Deirge, ar Shráid Bhaile Átha Cliath, ar Shráid Thomáis Dáibhis agus ar Bhóthar Chúrsa an Uisce. Rachaidh an Chonair Iompair Inbhuanaithe ar aghaidh ó dheas ansin ar Shiúlán na hArdeaglaise agus ar Bhóthar an N20, áit a nascfaidh sí leis na saoráidí iompair inbhuanaithe atá á soláthar faoi láthair ar Shráid Liatroma agus ar Shráid Devonshire mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin. Tá sé beartaithe freisin go nascfaidh an Chonair Iompair Inbhuanaithe leis na saoráidí rothaíochta atá beartaithe ar Shráid Eoin Íochtarach agus ar Chearnóg an Chnapaigh chun 'ciúinbhealach' malartach a thairiscint laistiar de Bhóthar an N20.

Soláthrófar tosaíocht do bhusanna trí úsáid a bhaint as lánaí tiomnaithe bus ar Bhóthar Popham agus ar Brothers Delaney Road. Tá Bóthar na Ceárta Deirge, Sráid Bhaile Átha Cliath, Sráid Thomáis Dáibhis, Bóthar Chúrsa an Uisce agus Siúlán na hArdeaglaise faoi shrian fisiciúil i roinnt limistéar. Tá sé beartaithe go soláthrófar tosaíocht bus trí roinnt beart difriúil amhail lánaí bus, geataí bus agus soilse tráchta. Tá tosaíocht bus ar Bhóthar an N20 le soláthar trí úsáid a bhaint as lánaí bus agus as soilse tráchta.

Áirítear leis an soláthar rothaíochta atá beartaithe raonta tiomnaithe rothar go hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe ón acomhal idir Bóthar Popham agus Bóthar an Choimín trí Bhóthar an N20 agus trí Brothers Delaney Road.

Ón áit sin, soláthrófar rotharbhealach isteach (i dtreo na cathrach) ó Brothers Delaney Road trí Bhóthar na Ceárta Deirge chomh fada leis an acomhal le Foirgnimh Uí Mhaidín. Tá sé beartaithe raon rothar isteach a sholáthar ar Bhóthar Chúrsa an Uisce idir Foirgnimh Uí Mhaidín agus an

t-acomhal le Sráid Uí Chonaill. Tá sé beartaithe raon rothar amach (i dtreo na Linne Duibhe) a sholáthar ón acomhal idir Bóthar Chúrsa an Uisce agus Foirgnimh Uí Mhaidín go dtí an rochtain coisithe ar Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe ar Shráid Thomáis Dáibhis, cóngarach d'Árasáin Glen Hall. Tá sé beartaithe geataí bus isteach agus geataí bus amach a sholáthar ar Bhóthar Chúrsa an Uisce idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise, rud a éascóidh 'ciúinbhealach' do rothaithe sa limistéar seo. Soláthrófar raonta tiomnaithe rothar dhá threo feadh Shiúlán na hArdeaglaise agus Bhóthar an N20 chomh fada leis an acomhal le Sráid Liatroma. Ón áit sin, nascfaidh an Chonair Iompair Inbhuanaithe leis na saoráidí rothaíochta atá á gcur chun feidhme ar Shráid Liatroma faoi láthair mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.

Nascfaidh an chonair atá beartaithe le Conair Iompair Inbhuanaithe D - Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair ag an gcrosbhealach idir Sráid Uí Chonaill agus Bóthar Chúrsa an Uisce freisin.

Sna míreanna seo a leanas, déanfar cur síos níos mine ar gach cuid de Chonair Iompair Inbhuanaithe C, agus sainaithint á déanamh ar na bearta atá beartaithe chun go dtabharfar tús áite don iompar inbhuanaithe.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Brothers Delaney Road | Lánaí leanúnacha leithscartha rothar ar an dá thaobh den bhóthar. |
| Brothers Delaney Road/Bóthar an N20 | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

### 2.2.1 Bóthar Popham go Bóthar na Ceárta Deirge trí Bhóthar an N20 agus trí Brothers Delaney Road

Tá sé beartaithe lánaí bus agus raonta leithscartha rothar a sholáthar feadh Brothers Delaney Road ar fad.

## 2.2.2 Bóthar na Ceárta Deirge go Foirgnimh Uí Mhaidín/Sráid Uí Chonaill

Tá Bóthar na Ceárta Deirge, Sráid Bhaile Átha Cliath, Sráid Thomáis Dáibhis agus Bóthar Chúrsa an Uisce faoi shrian fisiciúil, a fhágann nach féidir lánaí fairsinge bus a sholáthar orthu. Tá sé beartaithe bearta bainistíochta tráchta a chur i bhfeidhm chun tosaíocht bus a bhaint amach.

Ón acomhal idir Brothers Delaney Road agus Bóthar na Ceárta Deirge go dtí an bealach isteach go hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe ar Shráid na Ceárta Deirge, tá sé beartaithe cuid ghearr de lána bus isteach (i dtreo na cathrach) agus soilse tráchta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm. Fágfaidh sé sin go mbeidh busanna in ann imeacht roimh charranna. Tá sé beartaithe geata bus (cuid ghearr de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin) isteach (i dtreo na cathrach) a sholáthar laisteas den acomhal idir Sráid Bhaile Átha Cliath agus Lána an Tobair chomh fada le Bóthar an Choimín.

Déanfar trácht ginearálta isteach (i dtreo na cathrach) a threorú isteach orthu seo:

- Cnoc Bhaile Átha Cliath Íochtarach, Bóthar na Ceárta Deirge/Brothers Delaney Road go Bóthar an N20; nó
- Baile an Chollaigh go dtí an Cuarbhóthar Thuaidh (cóngarach do Stáisiún Dóiteáin Bhaile Uí Mhaoláin).

Sa treo amach (i dtreo na Linne Duibhe), comhroinnfidh busanna an spás leis an trácht ginearálta.

Feadh Bhóthar na Ceárta Deirge agus Shráid Bhaile Átha Cliath go dtí an t-acomhal le Lána an Tobair, tá sé beartaithe go gcomhroinnfidh rothaithe an spás leis an trácht ginearálta. Mar thoradh ar an ngeata bus (cuid ghearr de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin) isteach (i dtreo na cathrach) atá beartaithe laisteas den acomhal idir Sráid Bhaile Átha Cliath agus Lána an Tobair, laghdófar trácht agus éascófar 'ciúinbhealach' ar a gcomhroinnfidh rothaithe an spás le méideanna beaga tráchta ghinearálta. Mar mhalairt air sin, beidh rothaithe in ann dul isteach in Ionad Siopadóireachta na Linne Duibhe nó dul amach as tríd an mbealach rochtana atá ann cheana (atá suite go díreach laisteas de Lána an Tobair/Dunnes Stores, cóngarach d'Árasáin Glen Hall).

Tá sé beartaithe raon leanúnach rothar amach (i dtreo na Linne Duibhe) a sholáthar feadh Bhóthar Chúrsa an Uisce/Shráid Thomáis Dáibhis ón acomhal le Foirgnimh Uí Mhaidín go dtí an bealach isteach atá ann cheana do choisithe/rothaithe go hIonad Siopadóireachta na Linne Duibhe (atá suite go díreach laisteas de Lána an Tobair/Dunnes Stores, cóngarach d'Árasáin Glen Hall).

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Sráid Bhaile Átha Cliath/Sráid Thomáis Dáibhis | Soláthróidh timpeallacht ina mbeidh moilliú tráchta i bhfeidhm timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe. |

### 2.2.3 Foirgnimh Uí Mhaidín/Sráid Uí Chonaill go Siúlán na hArdeaglaise

Tá Bóthar Chúrsa an Uisce ó Fhoirgnimh Uí Mhaidín go Siúlán na hArdeaglaise faoi shrian fisiciúil, a fhágann nach féidir lánaí fairsinge bus a sholáthar orthu. Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun tosaíocht bus a bhaint amach.

Ag an acomhal idir Bóthar Chúrsa an Uisce agus Foirgnimh Uí Mhaidín, tá sé beartaithe tosaíocht bus amach (i dtreo na Linne Duibhe) a thabhairt isteach trí chuid ghearr de lána bus agus trí úsáid a bhaint as soilse tráchta tosaíochta bus, rud a fhágfaidh go mbeidh busanna in ann gluaiseacht roimh charranna. Sa treo isteach (i dtreo na cathrach), comhroinnfidh busanna an spás le trácht ginearálta.

Tá sé beartaithe tréthrácht a bhaint de Bhóthar Chúrsa an Uisce (idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise) trí úsáid a bhaint as geataí bus (codanna gearra de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin). Is é an toradh a bheidh air sin ná go dteorannófar trácht ginearálta do rochtain amháin agus go gcuirfear ar chumas busanna gluaiseacht go saor tríd an gcuid seo den Chonair Iompair Inbhuanaithe.

Beidh trácht rochtana áitiúla in ann Bóthar Chúrsa an Uisce a rochtain tríd an acomhal le Sráid Uí Chonaill.

Níl sé beartaithe tabhairt faoi aon oibreacha fisiciúla feadh Bhóthar Chúrsa an Uisce (idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise), ach amháin geataí bus (codanna gearra de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin) a thabhairt isteach agus stadanna bus a uasghrádú.

Déanfar tréthrácht isteach (i dtreo na cathrach) agus tréthrácht amach (i dtreo na Linne Duibhe) a threorú isteach ar an mbóthar seo:

- Bóthar an N20.

Tá sé beartaithe raon rothar isteach (i dtreo na cathrach) a sholáthar idir Foirgnimh Uí Mhaidín agus Sráid Uí Chonaill. Tá sé beartaithe go gcomhroinnfidh rothaithe amach cuid ghearr den bhóthar leis an lána bus.

Mar thoradh ar na geataí bus (codanna gearra de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin) atá beartaithe ar Bhóthar Chúrsa an Uisce, idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise, laghdófar trácht agus éascófar ‘ciúinbhealach’ ar a gcomhroinnfidh rothaithe an lána tráchta le méideanna beaga tráchta ghinearálta.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar Chúrsa an Uisce idir Sráid Uí Chonaill agus Siúlán na hArdeaglaise | Soláthróidh timpeallacht ina mbeidh moilliú tráchta i bhfeidhm timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí do choisithe agus do rothaithe.<br>Trasrianta túcánacha soilsithe nua chun rochtain éasca ar stadanna bus agus tréscaoilteacht atá feabhsaithe go ginearálta a éascú do choisithe. |
| Bóthar Chúrsa an Uisce ag Foirgnimh Uí Mhaidín | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Bóthar Chúrsa an Uisce/Sráid Uí Chonaill | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

### 2.2.4 Siúlán na hArdeaglaise go dtí an Chathair

Tá sé beartaithe raon rothar dhá threo a sholáthar ar Shiúlán na hArdeaglaise idir Bóthar Chúrsa an Uisce agus Bóthar an N20. Sa treo isteach (i dtreo na cathrach), comhroinnfidh busanna an spás leis an trácht ginearálta. Tá sé beartaithe geata bus (cuid ghearr de bhóthar do bhusanna agus rothair amháin) amach (i dtreo na Linne Duibhe) a sholáthar ar Shiúlán na hArdeaglaise idir Bóthar Chúrsa an Uisce agus Bóthar an N20. Feadh Bhóthar an N20 idir Siúlán na hArdeaglaise agus Sráid Liatroma, tá sé beartaithe tosaíocht bus isteach (i dtreo na cathrach) a thabhairt isteach trí chuid ghearr de lána bus agus trí úsáid a bhaint as soilse tráchta tosaíochta bus ag an acomhal idir Bóthar an N20 agus Sráid Liatroma, rud a fhágfaidh go mbeidh busanna in ann gluaiseacht roimh charranna.

Tá lána bus amach (i dtreo na Linne Duibhe) á chur chun feidhme ar Shráid Devonshire faoi láthair mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.

Mar chuid de Chonair Iompair Inbhuanaithe C, tá sé beartaithe lána bus amach (i dtreo na Linne Duibhe) a sholáthar ón acomhal idir Bóthar an N20 agus Sráid Devonshire go dtí an t-acomhal idir Bóthar an N20 agus Sráid Liatroma.

Ón áit sin, tá sé beartaithe tosaíocht bus amach (i dtreo na Linne Duibhe) a thabhairt isteach trí chuid ghearr de lána bus agus trí úsáid a bhaint

as soilse tráchta tosaíochta bus ag an acomhal idir Bóthar an N20 agus Siúlán na hArdeaglaise, rud a fhágfaidh go mbeidh busanna in ann gluaiseacht roimh charranna.

Tá sé beartaithe raon rothar dhá threo a thabhairt isteach ar Bhóthar an N20 idir Siúlán na hArdeaglaise agus Sráid Liatroma. Leanfaidh an soláthar rothaíochta ar aghaidh feadh Shráid Liatroma mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.

Tá sé beartaithe freisin go nascfaidh Conair Iompair Inbhuanaithe C leis na saoráidí rothaíochta atá beartaithe ar Shráid Eoin Íochtarach agus ar Chearnóg an Chnapaigh chun 'ciúinbhealach' malartach a thairiscint laistiar de Bhóthar an N20.

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neasláithreacha seo a leanas:

- Tailte ar réadmhaoine príobháideacha ar Shiúlán na hArdeaglaise; agus
- Tailte ar réadmhaoine príobháideacha feadh Bhóthar an N20.

Beidh baint ag an gConair Iompair Inbhuanaithe leis na hoibreacha atá á gcur chun feidhme faoi láthair mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Iompair Phoiblí Shráid Mhic Curtáin.


Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar an N20/Siúlán na hArdeaglaise | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |
| Bóthar an N20/Sráid Liatroma | An t-acomhal a uasghrádú chun tús áite á thabhairt do dhearadh a thacóidh le coisithe agus le rothaithe. |

## 2.3 Eochairfhíricí

| | |
|---|---|
| An neaslíon réadmhaoine a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu | **3** |
| An neaslíon spásanna páirceála ar an tsráid a d'fhéadfaí a bhaint | **30** |
| An neaslíon crann cois bóthair a d'fhéadfaí a bhaint | **8** |
| Neasfhad bhealach na Conaire Iompair Inbhuanaithe | **2.2 km** |
| Neasfhad an lána rothar nua | **1.7 km** |
| An t-aga turais bus faoi láthair | **suas go dtí 24 nóiméad** |
| Aga turais BusConnects | **10 nóiméad** |
| An t-aga turais bus sa todhchaí in éagmais BusConnects | **29 nóiméad** |



## 2.4 An téarmaíocht a thuiscint

### 1. Conair Iompair Inbhuanaithe:

Cuid de Chlár foriomlán BusConnects is ea 12 Chonair Iompair Inbhuanaithe a chruthú. Is é is Conair Iompair Inbhuanaithe ann ná bóthar atá ann cheana lena ngabhann tosaíocht bus chun go mbeidh busanna in ann oibriú ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus poncúil. Is é atá i gceist leis sin go ginearálta ná lánaí tiomnaithe bus ar an dá thaobh den bhóthar ó thús go deireadh gach conaire nó bearta eile a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú nach moillítear busanna sa phlódú tráchta ghinearálta. Beidh na lánaí bus le taobh an tráchta ghinearálta agus lánaí/raonta leithscartha rothar nuair is indéanta.

### 2. Raonta Leithscartha Rothar:

Is é is raon leithscartha rothar ann ná cuid leithleach den bhóthar atá tiomnaithe don rothaíocht amháin. Is gnách go mbíonn an spás sin leithlisithe ón trácht feithiclí eile le colbha fisiciúil. In áiteanna nach féidir go fisiciúil raonta leithscartha rothar a sholáthar iontu, beidh an rogha ann bóithre ciúine agus rothaíocht chomhroinnte ar bhóithre luais laghdaithe a thabhairt isteach do rothaithe.

### 3. An Bealach Roghnaithe Éiritheach:

Is iad Bealaí Roghnaithe Éiritheacha na roghanna dearaidh tosaigh le haghaidh gach bealaigh, agus cuirfear iad faoi phróiseas neamhreachtúil comhairliúcháin phoiblí anois. Tá sé mar aidhm leis na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha, a bhfuil roinnt foroghanna acu i gcásanna áirithe, an pobal a chur ar an eolas faoi leagan amach dóchúil an bhóthair nuair a bheadh an bonneagar riachtanach Conairí Iompair Inbhuanaithe i bhfeidhm. Áirítear leo an tionchar féideartha ar gharraithe tosaigh agus athruithe dóchúla ar an dóigh a n-oibreoidh an trácht chun freastal ar thosaíocht bus.

### 4. Geata Bus:

Is é is Geata Bus ann ná lána bus neamhspleách a ngabhann comharthaí leis agus atá ann ar feadh fad gearr. Níl rochtain ar an bhfad gearr bóthair sin ach ag busanna, ag tacsaithe, ag rothaithe agus ag feithiclí éigeandála. Éascaíonn sé tosaíocht bus toisc go mbaintear an tréthrácht ginearálta feadh an bhóthair fhoriomláin a bhfuil an geata bus lonnaithe air. Úsáidtear comharthaí chun an trácht ginearálta a threorú dul ar mhalairt slí amach ar bhóithre eile sula mbaineann siad an geata bus amach.





### 5. Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí:


Baintear úsáid le Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí as comharthaí tráchta chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna leanúint ar aghaidh roimh an trácht eile ar chodanna de bhóithre lána amháin, ach ní bhíonn sé éifeachtach ach ar feadh faid ghearra. Tagann sé sin chun cinn de ghnáth in áiteanna nach féidir leanúint le lána bus iontu de bharr baic ar an mbóthar. Sampla féideartha den chineál sin is ea cásanna ina bhfuil caolais ag bóthar mar a n-éiríonn sé níos cúinge toisc gurb ann d'fhoirgnimh nó struchtúir nach féidir iad a scartáil chun an bóthar a leathnú ar mhaithe le spás a sholáthar do lána bus. Oibríonn Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha tráchta (ag acomhail de ghnáth), áit nach mór don lána bus agus don lána tráchta ghinearálta cumasc ar aghaidh agus an spás bóthair a chomhroinnt ar feadh achar gearr go dtí go n-atosóidh an lána bus níos faide anonn. Stopfar an trácht ginearálta ag an gcomhartha chun cead a thabhairt don bhus dul tríd an gcuid chúng ar dtús. Tar éis don bhus dul tríd, ceadófar don trácht ginearálta dul trí na soilse ansin.




## Tosaíocht atá faoi Rialú ag Comharthaí




1. Leanann an trácht ar aghaidh mar is gnách.



2. De réir mar a thagann an bus i bhfoisceacht, athraíonn an comhartha solais chun an trácht ginearálta a stopadh.



3. Tá tosaíocht ag an mbus leanúint ar aghaidh.



4. Tar éis don bhus dul tríd an acomhal, leanann an trácht ginearálta ar aghaidh.

## 6. Trasrian Túcánach:

Is é is Trasrian Túcánach ann ná trasrian bóthair a bhfuil mar chuspóir leis coisithe agus rothaithe a chumasú an bóthar a thrasnú trí úsáid a bhaint as rialuithe comhartha a bhfuil dearadh cuspóireach acu.

## 7. Socraíocht Sráide Ciúine:

In áiteanna nach féidir le leithid bhóthair na Conaire Iompair Inbhuanaithe freastal ar rothaithe iontu gan difear mór á dhéanamh do thosaíocht bus ag an am céanna, fiosraítear rotharbhealaí malartacha ar feadh faid ghearra amach ó bhealach bus na Conaire Iompair Inbhuanaithe. Is féidir go n-áireofar le roghanna as líne den sórt sin rothaithe a threorú feadh sráideanna nach bhfuil ach beagáinín tráchta ghinearálta orthu, seachas na húsáideoirí cairr a chónaíonn ar na sráideanna sin. Tugtar Sráideanna Ciúine orthu de bharr an mhéid ísil tráchta ghinearálta atá orthu agus meastar iad a bheith oiriúnach don bhóthar a bheith á chomhroinnt ag rothaithe agus ag an trácht ginearálta, gan aon ghá a bheith ann le raonta leithscartha rothar ná lánaí péinteáilte rothar a chur le chéile. Is é a bheadh i gceist leis an tSocraíocht Sráide Ciúine ná comharthaí comhairleacha cuí do na húsáideoirí ginearálta bóithre agus do rothaithe araon.

## 8. An Ríocht Uirbeach:

Is é is an Ríocht Uirbeach ann ná na gnáthspásanna sráide a n-úsáideann daoine iad chun trasnú, siopadóireacht a dhéanamh, sóisialú agus súgradh agus chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí amhail siúl, aclaíocht nó dul chun na hoibre nó amach aisti. Cuimsítear sa Ríocht Uirbeach na sráideanna, na cearnóga, na hacomhail agus na cearta slí eile uile, bíodh siad i mbun úsáide cónaithe, úsáide tráchtála nó úsáide sibhialta. In áiteanna ina bhfuil an Ríocht Uirbeach dea-dheartha agus leagtha amach go cúramach i suíomh pobail, cuireann sí feabhas ar ghnáthshaol laethúil na gcónaitheoirí agus na ndaoine sin atá ag taisteal tríthi. Baineann sí de ghnáth leis na codanna amuigh faoin spéir den timpeallacht tógtha a bhfuil saor-rochtain ag an bpobal orthu. D'áireofaí léi suíochánra, crainn, cur plandaí agus gnéithe eile chun feabhas a chur ar an eispéireas do gach duine.

# 3. Na Dúshláin a d’Fhéadfadh Teacht Chun Cinn a Thuiscint agus Dóigheanna le Maolú

## 3.1 Forbhreathnú

Tá sé bunriachtanach, ar mhaithe le forbairt na cathrach, go n-infheisteofaí san iompar poiblí i gCorcaigh. Gabhann roinnt dúshlán leis sin, áfach. Chun bonneagar iompair inbhuanaithe ar an tsráid a fhorbairt agus chun infheistiú in athnuachan uirbeach, is gá aird a thabhairt ar a lán éileamh a thagann salach ar a chéile agus ar gá aghaidh a thabhairt orthu ar shlí chothromaithe réadúil. Ní eisceacht í Corcaigh ina leith sin toisc gur bunaíodh an chathair chomh fada siar is an 6ú haois. Cé gur cathair cheannchathartha nua-aimseartha í sa lá atá inniu ann, is ann fós do mhórán seancheathrúna atá comhdhéanta de shráideanna atá cúng agus casta agus atá ag iarraidh níos plódaithe. Is sráideanna cnocacha a bhfuil grádáin ghéara acu iad an-chuid de na sráideanna sin, go háirithe iad sin atá ar an taobh thuaidh den Laoi. Is ann do mhórán sráideanna a bhfuil cosáin chúnga acu nó nach bhfuil aon chosáin acu. Baineann dúshláin atá suntasach agus insáraithe araon lena uathúla atá roinnt mhaith codanna den chathair agus le teorainneacha leis an spás fisiciúil ar féidir obair leis i ndáil leis an leibhéal riachtanach tosaíochta bus agus soláthair rothaíochta a sholáthar. Mar sin féin, tá an tÚdarás tiomanta do leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach Chorcaí chun ceann ar bith de thionchair fhéideartha na hoibre bonneagair a mhaolú agus chun a chinntiú go réadófar an infheistíocht €600 milliún sin i gCorcaigh.

Tá taithí shuntasach ag an Údarás ar bhonneagar bus agus rothaíochta a dhearadh agus, rud tábhachtach, ar theagmháil fhairsing a dhéanamh le pobail, cónaitheoirí agus gnólachtaí an limistéir áitiúil. Is maith is eol dúinn na saincheisteanna agus na hábhair imní a d’fhéadfaí a tharraingt anuas maidir leis an tionchar a bheidh ag aon athrú ar an leagan amach bóthair, le codanna de ghairdíní a bheith á gcailleadh, le páirceáil agus le crainn. Is ar mhaithe le roghanna iompair phoiblí níos inbhuanaithe a bhaint amach do dhaoine agus le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na haeráide atá na cinntí uile a dhéanann an tÚdarás. Dá bhrí sin, déanaimid ár ndícheall na tionchair dhóchúla a laghdú agus, nuair is féidir, réitigh mhalartacha a aimsiú.

Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar dóigh dóibh teacht aníos, beidh daoine i ngach limistéar den chathair in ann leas a bhaint as rochtain mhéadaithe ar phoist, ar an oideachas agus ar sheirbhísí bunriachtanacha eile. Bainfidh pobail tairbhe as bonneagar siúil agus rothaíochta níos leithne agus as athnuachan uirbeach, agus bainfidh gnólachtaí leas as nascacht níos fearr chun na daoine is cumasaí a mhealladh chun na cathrach.








## 3.2 Na dúshláin agus conas a mhaolóimid chun aghaidh a thabhairt orthu

### 3.2.1 Athruithe ar an nGluaiseacht Tráchta chun feabhas a chur ar na Roghanna Iompair Inbhuanaithe

#### Breithniúcháin:

Mar thoradh ar níos mó spáis agus tosaíochta a chruthú do bhusanna agus do rothaíocht, beidh athruithe ann ar an dóigh reatha a ngluaiseann carranna príobháideacha timpeall na sráideanna. D'fhéadfadh go dtiontófaí roinnt bóithre ina mbóithre aontreo, tabharfar codanna nua do bhusanna amháin isteach agus, i roinnt áiteanna, beidh ar an trácht ginearálta bealaí nua isteach sa chathair agus amach aisti a ghlacadh. Tógfar rotharbhealaí breise, a bheidh leithscartha ón trácht feithiclí den chuid is mó. Chomh maith leis sin, déanfar trasrianta coisithe a chur le roinnt limistéar agus a aistriú isteach iontu. Beidh sé riachtanach na rotharbhealaí sin a sholáthar feadh na gcroíchonairí seo chun na tairbhí fíora a bhaineann leis an rothaíocht sa chathair a ghiniúint.

#### An Tionchar Féideartha a Laghdú agus a Chothromú:

I gcás go ndéanfar an trácht a chur ar mhalairt slí agus a chur ar atreo, soláthrófar comharthaí leordhóthanacha agus marcanna leordhóthanacha bóthair chun go mbeidh daoine in ann a mbealach a aimsiú. Coinneofar rochtain ar gach réadmhaoin ar bun d'fheithiclí, cé go bhfuil seans ann go n-athrófar roinnt bealaí rochtana.

### 3.2.2 An Fhéidearthacht go bhFaighfí Codanna de Ghairdíní mar Éadáil

#### Breithniúcháin:

Tá beagán spáis neamhúsáidte le fáil feadh an-chuid de na bóithre gnóthacha sa chathair agus, dá bharr sin, ní bheifear in ann ina lán cásanna freastal ar na lánaí bus agus na raonta rothar leis an leithead atá ar fáil. Chun an spás a theastaíonn a bhaint amach, beidh sé riachtanach, i roinnt áiteanna, codanna de spás gairdín de chuid tithe móide talamh os comhair réadmhaoine tráchtála a fháil mar éadáil chun go mbeifear in ann na saoráidí bus agus rothaíochta a sholáthar. I gcásanna ina mbeidh sé riachtanach é sin a dhéanamh, rachfar i mbun comhairliúcháin chuí agus i mbun teagmhála cuí le húinéirí réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith thíos leis.

#### Athdhearadh agus tírdhreachú maolaithe chun an laghdú i spás gairdín a chothromú:

I gcás go mbeidh tailte, amhail codanna de ghairdíní, á bhfáil mar éadáil le haghaidh leathnú – ceannóimid an chuid de ghairdíní tosaigh ó

úinéirí réadmhaoine; cinnteoimid go ndéanfar tírdhreachú nua agus athchur nua ar na gairdíní agus tabharfaimid cúiteamh as an gcuid den ghairdín a cailleadh agus as an gcur isteach.

## 3.2.3 Chun siúl agus rothaíocht a éascú ar shlí níos fearr, laghdófar an líon Spásanna Páirceála ar an tSráid

### Breithniúcháin:

Ós rud é gur trí limistéir chónaithe agus ghnó atá na conairí beartaithe, beidh gá ann leis an méid páirceála ar an tsráid a laghdú chun freastal ar na leaganacha amach nua.

### Chun an laghdú sa líon spásanna páirceála ar an tsráid a fhritháireamh:

I gcás go gcaillfear spásanna páirceála agus go mbeidh sé cuí spásanna ionaid a sholáthar, féachfaimid le spásanna malartacha páirceála a sholáthar in aice láimhe, nuair is indéanta, do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí.

## 3.2.4 Athchur crann chun baint fhéideartha roinnt crann atá ann cheana a fhritháireamh

### Breithniúcháin:

Faoi mar atá amhlaidh i gcás an ghá le roinnt codanna de ghairdíní tosaigh a bhaint agus le cosáin a mhionathrú, beidh gá ann freisin le roinnt crann a bhaint feadh conairí áirithe.

### Clár Cuimsitheach Cuir Crann:

Déanfaidh an tÚdarás a dhícheall, áfach, a oiread crann fásta agus is féidir a chothabháil. Ina theannta sin, i gcás gur gá crainn a bhaint ó limistéir cois bóthair agus ó chosáin, cuirfimid clár cuimsitheach athchuir i bhfeidhm. Bainfear úsáid sa chlár sin as crainn lánfhásta nó leathfhásta nuair is cuí agus, nuair is indéanta, cuirfear iad chomh gar agus is féidir do na láithreacha bunaidh. Cinnteoidh sé sin gurb amhlaidh, mar chuid den tionscadal, a athchuirfear crann nua i leith gach crainn a bhainfear.

## 3.2.5 Oibreacha Bóthair agus Láithreáin Tógála

### Breithniúcháin:

Is gá méid áirithe oibre tógála a dhéanamh chun bóithre a leathnú agus chun lánaí bus agus lánaí rothar a thógáil. Tochlófar na bóithre atá ann cheana, mar aon le codanna de ghairdíní agus de chosáin, nuair is gá. Déanfar athdhromchlú, athchur agus tírdhreachú agus leagfar colbhaí. Le linn na gcéimeanna tógála, beidh na láithreáin tógála ina láithreáin áitiúla agus bainisteofar iad de réir an bhóthair. Faoi mar atá amhlaidh i gcás aon láithreáin oibre agus aon oibreacha bóthair, beidh leibhéal áirithe torainn, deannaigh agus atreoruithe sealadacha tráchta ann.

### Aon éifeachtaí atá ag obair thógála a laghdú:

Beidh bainistíocht tráchta an-tábhachtach maidir leis an trácht a choinneáil ag gluaiseacht, agus a chinntiú ag an am céanna go gcoinneofar rochtain áitiúil ar bun do dhaoine agus do sheachadtaí. De bhreis air sin, i gcás go mbainfear ballaí nó fálta príobháideacha agus poiblí, atógfaimid ballaí nua gairdín agus athsholáthróimid na fálta más rud é go ndearnadh difear do ghairdíní agus gur giorraíodh iad. I gcás go nglacfar ballaí agus fálta poiblí nó tráchtála, déanfar iad a atógáil agus a athsholáthar freisin.

## 3.2.6 Infheistiú in Athnuachan Uirbeach agus i Saoráidí do Choisithe a Mhéadú

Lorgóimid limistéir feadh na gconairí gnóthacha inar féidir feabhas a chur ar na spásanna áitiúla atá ann cheana agus ar an tírdhreachú atá ann cheana. Tá sé tábhachtach go dtapóimis an deis seo na nithe a bhainfear a athsholáthar agus feabhas a chur ar na limistéir áitiúla freisin. Chun déanamh amhlaidh, tabharfaimid tacaíocht d'fheabhsuithe a dhéanamh ar lárionaid uirbeacha agus do thimpeallachtaí áitiúla tarraingteacha a chruthú.

## 3.2.7 Fóraim Phobail

Bunófar sraith Fóram Pobail ar mhaithe le hidirchaidreamh a dhéanamh le daoine agus eagraíochtaí ar fud na cathrach de réir mar a dhéantar pleananna le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe a fhorbairt agus a thabhairt chun críche agus de réir mar a dhéantar dul chun cinn orthu. Is é an aidhm atá leis an obair sin ná cumarsáidí dhá threo a chruthú le pobail áitiúla, rud a fhágann gur féidir faisnéis agus aiseolas a mhalartú ar shlí chaoithiúil chuimsitheach. Tá sé beartaithe go ndéanfaidh cathaoirleach neamhspleách cathaoirleacht ar chruinnithe na bhFóram Pobail agus go n-áireofar leo cumainn phobail, grúpaí sainleasa, eagraíochtaí gnó, ionadaithe don phobal áitiúil agus pearsana ón Údarás. Chun faisnéis a fháil maidir le conas is féidir le hionadaithe do ghrúpaí cónaitheoirí agus do ghrúpaí pobail a bheith ina mball d'Fhóram, tabhair cuairt ar an suíomh Gréasáin **www.busconnects.ie/cork**.



# 4. An Próiseas um Thalamh a Fháil

Cé go ndéanfar dianiarracht an tionchar ar thailte réadmhaoine príobháideacha a íoslaghdú, beidh láithreacha ann ina mbeidh sé riachtanach an bóthar a leathnú tuilleadh. Chun déanamh amhlaidh, beidh sé riachtanach, mar shampla, codanna de ghairdíní tosaigh, de bhallaí, d'fhálta, de gheataí agus de chabhsáin a fháil agus na gnéithe sin a atógáil chun go mbeifear in ann an tsráid a leathnú. Beidh feidhm ag an bpróiseas seo a leanas i gcásanna den sórt sin.

Ar an gcéad dul síos, eiseoidh an tÚdarás litreacha faisnéise chuig gach úinéir talún agus/nó gach áititheoir feadh na gConairí Iompair Inbhuanaithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar ag na tograí leathnúcháin orthu. Ní fógraí foirmiúla ordaithe ceannaigh éigeantaigh iad sin – ní dhearnadh aon chinneadh críochnaitheach ar na tograí go fóill. Tá sé mar rún leis na litreacha sin tús a chur le hidirphlé díreach idir an tÚdarás agus na páirtithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu.

Tar éis na litreacha faisnéise sin a eisiúint, leanfar le dearaí a fhorbairt agus le comhairliúchán. Le linn na tréimhse sin, beachtóidh an tÚdarás an dearadh agus breithneoidh sé roghanna chun na tionchair ar thailte príobháideacha a laghdú. Leanfar leis an idirphlé díreach idir an tÚdarás agus na páirtithe a bhféadfadh go mbeadh tionchar orthu chun tuiscint a ghnóthú ar thionchar dóchúil na forbartha atá beartaithe agus ar na socruithe is féidir a dhéanamh chun na tionchair sin a laghdú agus, nuair is féidir, iad a sheachaint.


Ar an bpróiseas deartha a chur i gcrích, rud is dóigh a tharlóidh sna míonna tosaigh den bhliain 2024, déanfaidh an tÚdarás na doiciméid reachtúla phleanála a thabhairt chun críche agus iarratais fhoirmiúla ar thoiliú a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála le haghaidh scéimeanna beartaithe BusConnects, lena n-áireofar deimhniú a lorg chun na tailte riachtanacha a cheannach go héigeantach. Is ag an gcéim sin a sheirbheálfaidh an tÚdarás fógra foirmiúil ar na húinéirí iarbhír a mbeidh tionchar orthu, arbh iad úinéirí na talún a bheidh beartaithe le ceannach go héigeantach le haghaidh na dtionscadal iad.

Beidh sé mar ról ag an mBord Pleanála ansin a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart leanúint leis an scéim ar leith a thógáil. Ag teacht sna sála ar na hiarratais phleanála a fháil, beidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí reachtúil ann chun ligean do na daoine sin ar cuireadh in iúl dóibh go mbeadh siad faoi réir fáil réadmhaoine go pointe éigin, agus chun ligean don phobal i gcoitinne, aighneachtaí agus/nó agóidí a dhéanamh go díreach leis an mBord Pleanála. Seolfaidh an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal ina dhiaidh sin má mheastar í a bheith riachtanach. Ag deireadh an phróisis reachtúil, déanfaidh an Bord Pleanála cinneadh ar cé acu:

1. An scéim atá beartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don scéim atá beartaithe a cheadú; agus
2. An tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a neamhniú.

Más rud é go ndeonóidh an Bord Pleanála ceadú le haghaidh na scéimeanna, déanfaidh an tÚdarás, ón mbliain 2025 ar aghaidh, luachálacha agus idirbheartaíocht chun na tailte san Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a fháil agus dul chun cinn a dhéanamh ar thógáil na dtionscadal. Maidir leis an gcúiteamh is iníoctha as aon fháil, áireofar leis luach na talún atá á fáil móide aon díluacháil (má bhaineann) sa chuid eile den réadmhaoin, costais suaite/chuir isteach agus táillí gairmiúla amhail luachálaithe agus/nó aturnaetha a theastaíonn le haghaidh na fála.

Beidh suas le dhá bhliain ag teastáil chun gach conair ar leith a thógáil. Bainisteofar na dátaí tosaithe tógála le haghaidh gach ceann den 12 chonair thar an tréimhse ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2030.



## 4.1 Conas a rachaidh an Tionscadal ar aghaidh trí chomhairliúcháin phoiblí go dtí Pleanáil Fhoirmiúil

**2022** — **2023** — **2023-2026**

### IDIRCHAIDREAMH

#### Comhairliúchán ar an mBealach Roghnaithe Éiritheach – Ráithe 2/Ráithe 3

Comhairliúchán ar Thograí an Bhealaigh Roghnaithe Éirithigh.

#### Tuilleadh Comhairliúcháin ar an mBealach Roghnaithe – Ráithe 1/Ráithe 2

An Dréachtbhealach Roghnaithe a fhoilsiú – Ráithe 1/Ráithe 2. Tar éis an t-aiseolas arna fháil a chur san áireamh, foilseofar Bealaí Roghnaithe le haghaidh na gConairí Iompair Inbhuanaithe – tréimhse dhá mhí de chomhairliúchán poiblí.

### PRÓISEAS REACHTÚIL

#### An tIarratas Reachtúil a ullmhú

- An Dearadh Innealtóireachta a Bharrfheabhsú
- Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú
- Riachtanais réadmhaoine a shainiú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú

## 2024-2025

### Iarratais chuig an mBord Pleanála

- Iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an Scéim atá Beartaithe a cheadú agus ar an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh gaolmhar a dheimhniú
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na gceanglas reachtach
- Breithniúcháin an Bhoird Pleanála, lena n-áirítear Éisteacht ó Bhéal nuair is gá
- Féadfaidh an Bord Pleanála:
  1. An Scéim atá Beartaithe a cheadú fara nó d'éagmais modhnuithe agus faoi réir cibé coinníollacha timpeallachta is cuí leis, nó diúltú don Scéim atá Beartaithe a cheadú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a dheimhniú fara nó d'éagmais coinníollacha nó modhnuithe, nó an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh nó aon chuid de a neamhniú.

## 2025-2030

### FÁIL AGUS TÓGÁIL

**Cuirfear Tús le Tógáil ar Bhonn Céimnithe – Beidh suas le dhá bhliain ag teastáil chun gach uasghrádú conaire a chur i gcrích**



# 5. Conas is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí agus do thuairim a chur in iúl

Tabhair ar aird gurb é atá sna pleananna atá á bhfoilsiú againn ná tograí agus nach ndearnadh aon chinneadh críochnaitheach ar na nithe sin roimh an gcomhairliúchán poiblí. Fáiltímid roimh thuairimí gach duine. Mura maith leat togra ar leith, smaoinigh ar réiteach malartach nó rogha eile a mholadh lena bhreithniú nó lena breithniú.

## 5.1 Má tá ag úinéir réadmhaoine talamh a bhféadfadh go mbeadh tionchar air

Más rud é go bhféadfadh go mbeadh tionchar ag na tograí ar do réadmhaoin, beidh litir seachadta ar an réadmhaoin agus beidh mionsonraí sa litir sin faoi conas is féidir idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás.

Beidh ionadaí idirchaidrimh réadmhaoine tiomnaithe ar fáil chun teagmháil a dhéanamh le gach úinéir réadmhaoine agus an t-eolas is deireanaí ar an tionscadal a thabhairt ar bhonn tráthrialta.

## 5.2 Ceisteanna ginearálta

Tá ag suíomh Gréasáin an tionscadail ag www.busconnects.ie/cork rannán tiomnaithe Conairí Iompair Inbhuanaithe, agus tá an 12 Bhróisiúr uile ar fáil le hamharc orthu agus le híoslódáil. Is féidir ceisteanna ginearálta a sheoladh trí ríomhphost chuig **corkstc@busconnects.ie**

I gcás ceisteanna nach bhfuil an fhaisnéis ina leith ar fáil ar an suíomh Gréasáin, cuir glao ar – **1800 303 653**

## 5.3 Conas is féidir aighneacht a sheoladh

Táimid ag iarraidh aighneachtaí maidir leis na tograí atá leagtha amach sa Doiciméad seo ar na Bealaí Roghnaithe Éiritheacha.

### Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ach scríobh chuig na seoltaí seo:


Ar Líne: Cliceáil ar an rannán "Comhairliúchán Poiblí" ar an leathanach Conairí Iompair Inbhuanaithe ar ár suíomh Gréasáin: **https://consult.nationaltransport.ie**

Nó trí chasadh an phoist chuig:
**Tionscadal Chonairí Iompair Inbhuanaithe Chorcaí,**
**An tÚdarás Náisiúnta Iompair,**
**Dún Scéine, Lána Fhearchair,**
**Baile Átha Cliath 2 D02 WT20**




# 6. Aguisíní

6.1 Léarscáileanna innéacs
6.2 Léarscáileanna bealaigh









TABHAIR FAOI DEARA: Níl sa Bhealach Roghnaithe Éiritheach a léirítear ar na líníochtaí seo a leanas ach léiriú táscach agus tá sé faoi réir athruithe tar éis comhairliúcháin agus mar chuid den phróiseas forbartha dearaidh.



LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
BROTHERS DELANEY ROAD
REDFORGE ROAD
DUBLIN HILL LOWER
POPHAM'S ROAD
DUBLIN STREET
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
Library
Blackpool Shopping Centre
BLACKPOOL RETAIL PARK
RUSSELL COURT
COMMONS ROAD
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH



BUS


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
Blackpool Shopping Centre
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
DUBLIN STREET
CROSS LANE
SPRING LANE
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
EXCEPT BUSES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
N20 NORTH CITY LINK ROAD
ORCHARD COURT
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
TYPICAL CROSS SECTION
1.5m FOOTPATH
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
1.5m FOOTPATH



© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
NEW BUS STOP LOCATION
TOUCAN CROSSING
N20 NORTH CITY LINK ROAD
ORCHARD COURT
COMMONS ROAD
THOMAS DAVIS STREET
HEYLANDS LANE
NEW BUS STOP LOCATION
Glen Hall Apts.
Saint Francis Gardens
FARRAN CLEARY PLACE
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.0m FOOTPATH



© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
NEW BUS STOP LOCATION
CORKERAN'S QUAY
BERWICK LANE
WATERCOURSE ROAD
N20 NORTH CITY LINK ROAD
MADDEN'S LANE
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
EXISTING STRAIGHT AHEAD BAN RETAINED
EXISTING LEFT TURN BAN RETAINED
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)



TYPICAL CROSS SECTION
1.5m 1.5m 3.0m 3.0m 1.5m
FOOTPATH
CYCLE TRACK
SHARED TRAFFIC LANE
SHARED TRAFFIC LANE
FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY
(POSSIBLE LAND ACQUISITION)
EXISTING LEFT TURN BAN RETAINED
SIGNAL CONTROLLED PRIORITY
NEW BUS STOP LOCATION
EXCEPT BUSES
Hollyhill to City Sustainable Transport Corridor D
PROPOSED SCHEME
QUIET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
EXISTING ROAD LAYOUT MAINTAINED
GREAT WILLIAM O'BRIEN STREET
O'CONNELL STREET
WATERCOURSE ROAD
N20 NORTH CITY LINK ROAD
BLEASBY'S STREET
GERALD GRIFFIN STREET
POPE'S ROAD
ALLINETT'S LANE
Local Government Building
SUNDAY SCHOOL LANE
Griffin Close
The Gallery
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.1m ON-STREET PARKING
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.1m ON-STREET PARKING
2.0m FOOTPATH





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ALLINETT'S LANE
EXISTING ROAD LAYOUT MAINTAINED
NEW BUS STOP LOCATION
HILLGROVE LANE
TOUCAN CROSSING
EXCEPT BUSES
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
N20 NORTH CITY LINK ROAD
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
PROPOSED BUS GATE, NO THROUGH TRAFFIC EXCEPT BUSES, TAXIS AND BICYCLES
PEDESTRIAN CROSSING
CATHEDRAL WALK
North Presentation National School and Convent
PROPOSED SCHEME
Proposed Knapps Square and Lower John Street Scheme
CATHEDRAL WALK
Brewery
SCALE BAR
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
2.0m CYCLE TRACK
1.5m - 2.0m FOOTPATH


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
N
CHAPEL HILL
EASON'S HILL
ROMAN STREET
JOHN STREET UPPER
CARROLL'S HILL
N20 NORTH CITY LINK ROAD
LEITRIM STREET
QUIET CYCLE ROUTE SHARED WITH LOCAL TRAFFIC
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
PROPOSED SCHEME
MacCurtain Street Public Transport Improvement Scheme
Brewery
Car Park
Graveyard
School
Tecmont House
Saint Angela's College
Hotel
Carroll Pl
SCALE BAR
0 5.0 10.0 20.0 30.0 40.0 50.0m
TYPICAL CROSS SECTION
1.5m - 2.0m FOOTPATH
2.0m CYCLE TRACK
3.0m SHARED TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m BUS LANE
2.0m CYCLE TRACK
2.0m FOOTPATH



© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
LEGEND:
BUS LANE
CYCLE TRACK
FOOTPATH
CARRIAGEWAY
GRASS AREA / VERGE
PEDESTRIAN PRIORITY ZONE
BUS STOP LOCATIONS
EXISTING TREE TO BE RETAINED
EXISTING TREE TO BE REMOVED
PROPOSED TREES
EXISTING BOUNDARY
PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)
EXISTING BUS STOP LOCATION RETAINED
TOUCAN CROSSING
JOHN REDMOND STREET
DOMINICK STREET
CAMDEN VILLAS
MULGRAVE ROAD
DEVONSHIRE STREET
LEITRIM STREET
HARDWICK STREET
COBURG STREET
SAINT PATRICK'S HILL
BRIDGE STREET
PINE STREET
N20 NORTH CITY LINK ROAD
CAMDEN PLACE
CAMDEN QUAY
Proposed Knapps Square and Lower John Street Scheme
PROPOSED SCHEME
MacCurtain Street Public Transport Improvement Scheme
Hollyhill to City Sustainable Transport Corridor D
Tie in to existing
EXISTING STRAIGHT AHEAD BAN RETAINED
Hotel
Saint Mary's Dominican Church
Cork Arts Theatre
SCALE BAR
TYPICAL CROSS SECTION
2.0m FOOTWAY
3.0m BUS LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
3.0m GENERAL TRAFFIC LANE
2.0m FOOTWAY


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number 2022/OSi_NMA_180 National Transport Authority.
ALTERNATIVE TRAFFIC ROUTES
BALLINCOLLIE ROAD
NORTH RING ROAD
SPRING LANE
NORTH RING ROAD
DUBLIN HILL LOWER
BROTHERS DELANEY ROAD
BLACKPOOL
HEYLANDS LANE
PROPOSED BUS GATE.
NO THROUGH ROUTE FOR CITYBOUND GENERAL TRAFFIC.
N20 NORTH CITY LINK ROAD
LEITRIM STREET
CAMDEN PLACE
JOHN STREET UPPER
PROPOSED BUS GATE.
NO THROUGH ROUTE FOR OUTBOUND GENERAL TRAFFIC.
CITY
COMMONS ROAD
MADDEN'S LANE
PROPOSED BUS GATE.
NO THROUGH ROUTE FOR CITYBOUND GENERAL TRAFFIC.
WATERCOURSE ROAD
REDEMPTION ROAD
GERALD GRIFFIN STREET
CATHEDRAL AVENUE
CATHEDRAL ROAD
PROPOSED BUS GATE.
NO THROUGH ROUTE FOR OUTBOUND GENERAL TRAFFIC.
LEGEND:
SUSTAINABLE TRANSPORT CORRIDOR
MAJOR THROUGH ROUTES
BUS GATE
LOCAL ROAD NETWORKS
ONE-WAY SECTION
LOCAL ACCESS SECTION
NO GENERAL TRAFFIC PERMITTED IN THE DIRECTION INDICATED
MOVEMENTS FOR GENERAL TRAFFIC IN THE DIRECTION INDICATED

NTA

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Lána Fhearchair,
Dún Scéine,
Baile Átha Cliath 2,
D02 WT20

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040